

Inis seo dom!


Séideán Sí

Bailiúchán d'Agallaimh Bheirte



Dómhnal Ó Bric a mhaisigh

Inis seo dom!

Bailiúchán d'Agallaimh Bheirte

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc
na Gaeilge a thiomsaigh

Dómhnaíl Ó Bric a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2011

Obair ealaíne © Dómhnal ó Bric

ISBN 978-1-85791-768-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Fearghas Mac Lochlainn, Ray Mac Mánaís agus Traolach Ó Conghaile a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Dómhnal Ó Bric

Turner's Printing Co. Teo. a chlóbhuail in Éirinn

Le fáil tríd an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

nó
An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
leabhair@an4poili.com

Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:

Áis,
31 Sráid na bhFíiní,
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

nó
International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
info@iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhredric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Clár

www.dídúdaldam.ie	5
An Bhean Fáistine	11
Peigín agus Taimín	19

www.didudaidam.ie

Fearghas Mac
Lochlainn




Seán:

D'éirigh mé ar maidin agus d'éirigh mé
go moch,
Shuigh mé ag an ríomhaire agus rug mé
ar an luch –

www.dídúdaldam.ie

Páidín:

www.clic.is is clic arís!
www.is.clic ar chuile ní!
www.dídúdaldam.ie



Seán:

www.bímse.la agus oích',
www.ag.scimeail ar an líon!
www.dídúdaldam.ie

Páidín:

www.má.fhanann.tú.i.do.shuí,
www.beidh.anró.ar.do.dhroim –
Is gheobhaidh tú tinneas cinn ...
www.dídúdaldam.ie



Seán:

www. tá eolas ar an líon,
www. faoi chuile mhíle ní –
Fiú leigheas do thinneas cinn!
www.dídúdaldam.ie

Páidín:

www. is gearr go mbeidh tú caoch,
www. is teastóidh spéacláirí –
Le faire ar an *screen* ...
www.dídúdaldam.ie



Seán:

www. ag breathnú ar an *screen*,
www. gheobhaidh tú eolas cruinn –
Ar chostas cúpla pingin!
www.dídúdaldam.ie

Páidín:

Ach www. beidh tú ar feadh na hoíoch',
www. ag gabháil ó shuíomh go suíomh –
Ag scimeáil ar an líon ...
www.dídúdaldam.ie



Seán:

www. tá siopaí ar an líon,
www. is tá an cárta *visa* thar cionn!
www.dídúdaldam.ie



Páidín:

www. má cheannaíonn tú ón líon,
www. beidh an cárta *visa* i mbaol –
Is ní fhágfar agat pingin!
www.dídúdaldam.ie

Páidín:

Thóraigh mise an baile seo ag quartú
B & B ...

Seán:

... Ach chliceáil mise ar lóistín is bhí óstán
agam – *ensuite!*
www.dídúdaldam.ie



Páidín:

www. mínigh domsa faoi,
www. cén chaoi a ngabhfaidh mé tríd?
www.dídúdaldam.ie

Seán:

Tá an www. ar nós an ABC –
Clic anseo, clic ansiúd is clic ar chuile ní!
www.dídúdaldam.ie

Páidín:

www. nach agamsa a bheas an spraoi,
Clic anseo, clic ansiúd is clic ar chuile ní!
Clic is clic arís!
www.dídúdaldam.ie



Seán:

Tá *dot* anseo agus *dot* ansiúd – is ná fág amach an *dot*,

Má dhéanann tú aon dearmad – caillfidh tú an *lot*!

www.dídúdaldam.ie

Seán agus Páidín:

[www. tá an lúibín seo againne thar cionn,](http://www.tá.an.lúibín.seo.againne.thar.cionn)

[www. tá tuilleadh eolais faoi,](http://www.tá.tuilleadh.eolais.faoi)

@ lúibín.ie

@ Seáinín *dot* is Páidín *dot* dídúdaldam *dot* ie!



An Bhean Fáistine



Ray Mac Mánais

Bean:

Céad fáilte romhat isteach anseo.
Suigh síos anois ar stóilín.
Inseoidh mé do chuid rún ar fad,
I gceann bomaite, a stóirín.

Fear:

Níl deifir orm ar chor ar bith.
Tá mé sásta anseo go fóillín.
An mbeidh an *Rolls Royce* slán sa chlós amuigh,
Nó thiar ag bun an bhóithrín?
Níor chóir dom é a thabhairt anseo.
Tá sé rud beag mór don chlóisín,
Ach tá jab á dhéanamh ar an *Jag* is an *Porsche*
Is tá an *Ferrari* ag dul an treo sin.



Bean:


Mo mhíle brón, a dhuine chóir,
Nach mise féin an staicín,
Tú a fhágáil ann gan cupán tae,
Nó gloine i do ghlaicín.
Fan! Fan anois! Ná suigh ansin.
Tá dusta ar an stóilín.
Ní bhfaighfeá súlachas mar sin,
I measc caorach insa chróitín.

Fear:

Ná bí fá bhuairt ag blúirín bruair,
A thig isteach ón ghairdín,
Ach ríomh mo thodhchaí dom, a bhean –
Seo chugat cúpla scilling.

Bean:

Nach tusa féin an fear gan chlaon.
Nach agat atá croí mór fairsing.
Déan an cupán tae a chaitheamh siar,
Is cuir an dríodar insa chlaisín.



Fear:

Ní fheicim a dhath sna duilleoga,
Ach fan ... sin cloigeann láirín.
Is amharc ansin, taobh thiar den láir:
Sin asal agus cairrín.




Bean:

Nach tú atá glinnsúileach géar,
Chomh haireach leis an dreoilín.
Is léir duit féin, gan dabht ar bith,
An bhrí taobh thiar den mhéid sin.

Fear:

Ní heol dom tada, a bhean an tí.
Níl ionamsa ach túitín.
Ach ríomh mo rún gan bhréag anois,
Is is leatsa lán mo dhoirín.



Bean:

Ciallaíonn capall saibhreas mór.

Is saibhre láir ná stailín.

Is tuigtear dom gur saibhre i bhfad,

A cloigeann ná a tóinín.

Bhí saibhreas mór sna duilleoga,

Nuair a chonaic tú an láirín,

An méid a d'fhéadfá a iompar leat,

Le hasal agus cairrín.

Fear:

Tá airgead ag teacht i mo threo?

Ba é sin do rún, a stóirín?

Nó an bhfuil a dhath ar bith sa bhreis ansin,

Nach bhfaca tú go fóillín?


Bean:

Tá airgead agat cheana féin,

Mar is léir don tsaol, a mhuirín.

Is é an saibhreas atá i gceist anseo,

Ná grá do chroí – do phlúirín.



Fear:


Cé a thitfeadh liomsa i ngrá?
Inis dom sin, a thaiscín.
B'fhearr le bean fear saibhir i bhfad,
Ná mo leithéidse de scaistín.

Bean:

Tá bean óg inteacht thoir nó thiar,
A ghránn fuaim do ghlóirín,
Is ghráfadh sí thú gan rath, gan mhaoin,
Gan phingin, fiú, ná feirling.

Fear:

Cé hí féin, a bhean mhaith chóir,
Nó is í mo ghrá is m'aisling?
Cibé bean í, is í rún mo chroí,
A phósfadh mé gan scilling.



Bean:

Bhuel, féach isteach sa chupán seo.

An bhfeiceann tú an sabhaircín?

Bean fáistine atá ansin.

Is í atá sa bhláithín!

Ní gá ach teacht ar bhean mar sin,

Is beidh do chinniúint slán go fóillín.

Is murab eol duit bean mar sin ...

Tá mé féin ar fáil, a stóirín!




Fear:

Tar abhaile liom sa *Rolls*, mar sin.

Bain sú as seo, a shiúirín.

Níl sé agam ach don oíche anocht.

Jab dian a bheith ... *chauffeuring!*



Peigín agus Taimín

Traolach Ó Conghaile



Taimín:

Chuaigh mé isteach go Gaillimh lá
Leis na gasúir is mo bhean in éindí,
Is é Bealach na Croise d'aon fhear beo,
Nuair a théann mná ag ceannach éadaí!

Peigín:

Muise, a Taimín, a stór, agus a Taimín, a chroí,
Éirigh i do sheasamh 'gus ná bí i do shuí.
Tá na *sales* díreach tosaithe, is é *Roches* is fearr,
Ach cén mhaith a bheith ag caint leat; níl
ionat ach fear!

Taimín:

Rugadh go hóg mé le dhá shúil i mo cheann,
Ach tá rudaí nach bhfaca mé nuair a phós mé
mo bhean.

Mheall tú le póg mé, is le glór álainn binn,
Ansin chuir tú poll i mo phóca nár deisíodh
ó shin!



Peigín:

Cuir críoch leis an bport sin a bhíonn agat
chuile lá,

Meas tú sa diabhal cén chaoi ar thit muid
i ngrá?

Idir ‘Cá bhfuil mo bhríste?’ is ‘Cár fhág tú
mo léine?’

Tá Peigín, an sclábhaí, ag iarraidh cothrom
na Féinne.

Táimín:

Tá an oiread sin éadaí agat thiar ag an teach,
Nach n-éireodh le NATO an áit a ghlanadh
amach!

Is baolach an t-aistear ó leaba go doras,
B’fhearr liom Cruach Phádraig aon lá
mar thuras.



Peigín:

Cuir srian ar do theanga 'gus ná bí searbhasach,
A chladhaire chantalaigh, chúramaigh, chaite.
A leibide lofa, leithleasach, leisciúil,
Nach múchann an tart ach le deoch
atá meisciúil!

Táimín:

Níl tine in ifreann sách te do do leithéid,
Bheadh comhrá níos fearr agam le míoltóg
nó feithid.

Shílfeá gur Máthair Mhic Dé thú, a rugadh
gan smál,
Chuirfeá do shrón tríd an bhfuinneog
le *bargain* a fháil!



Péigín:

Ó, a Taimín, tá mé gortaithe go ndéarfá an méid sin fúm,

Níor theastaigh uaim ach stocaí, le gabháil chuig biongó Chloch na Rón.

An é an chaoi go bhfuil tú scrúdta? Níl uait ach greim le n-ithe!

Níor chuala mé caint mar sin uait le bliain anois is fiche.


Taimín:

Á, muise, a Pheigín Chóilín Phádraig, ní raibh ann ach babhta feirge,

Diabhal neart a bhíonn ar mo theanga agam nuair a thosaíonn gleo an ghoile.

Tá *McDonalds* díreach taobh linn, an-áit le gabháil chun béile,

'Gus ceannóidh mé féin na stocaí, d'iníon Rí na Gréige.



Peigín:

Níor chaill tú riamh é, a Taimín, ar nós d'athar
romhat,

Má tá gaol idir lámh is póca, níl sé aimsithe
agat fós!

Nach fileata, foclach, feasach a thiteann na
leaganacha ó do bhéal.

Ach banphrionsa a bheathú le burgar? Is ait an
mac an saol!

Taimín:

Ní féidir thú a shásamh – dá dtabharfainnse
duit an *Taj Mahal*,

Is dá mbeadh céad acra thuas i lár tíre agam,
ní bheadh dóthain duitse ann!

Ach níor fhág mé ar an trá fholamh thú, ó
chuir mé fainne ar do mhéar,

Ní bheadh deireadh leis an gclamhsán féin, dá
bhfaighfeá an ghealach bhuí ón spéir!



Pheigín:

Is gaire dom na réaltaí, ná béile in óstán breá,
Ná coinnle geala lasta, is gloine fíona i
mo lámh.

Muise, ní fhaca mé ó phós mé thú, ach fataí,
feamainn agus féar,

'Gus tá na colpaí gearrtha, gortaithe agam – tá
wellies nua uaim go géar!



Táimín:

Fág seo go beo, a Pheigín, nó beidh teas mór
ann arís!

Bíodh ciall againn, ar aon nós, mar ní fada
uainn an aois.

Déan dearmad ar Rí na Gréige 'gus ar iníon Rí
na Spáinne,

Mar dá gcastaí Diarmaid ortsa ní bheadh caint
ar bith ar Ghráinne!



Peigín:

Ó, a Taimín, is breá liom do chuid cainte!

Taimín:

Ach is fearr leat mo chuid airgid!

Peigín:

Ní féidir é a thabhairt leat!

Taimín:

Déanfaidh tú cinnte nach mbeidh tada sa mbreis agam Lá an tSléibhe!



